

An Nuacht

Dia daoibh.

Seo í an **nuacht** á léamh ag Tomás Ó Sé. **Gortaíodh** Liam Ó Murchú inné. Bhí sé ag siúl abhaile ón scoil. Tháinig carr go tapaidh agus leag sé Liam. Tá sé san **ospidéal** anois. Beidh sé ann **go ceann seachtaine**.

Cheannaigh Páid Ó Laoi carr nua i Luimneach. Ford is ea é. Thug sé a lán airgid air.

Tá deirfiúr nua ag Treasa Ní Dhálaigh. Tá áthas an domhain uirthi.

Spórt: Bhuaigh Corcaigh an cluiche iománaíochta inniu.

An Aimsir: Beidh an lá amárach fuar agus beidh sioc ann.

Oíche mhaith agaibh.

Foclóir:

nuacht, news

bhuaigh, won

cluiche iománaíochta, hurling match

A. Líon isteach na bearnaí:

nua—ht, os—idéil, deir—iúr, bh—aigh, f—ar.

B. Líon isteach na bearnaí:

1. Seo í an — á léamh ag Tomás Ó Sé.
2. Tá sé san — anois.
3. Cheannaigh Páid Ó Laoi — i Luimneach.
4. Bhuaigh Corcaigh an — iománaíochta inniu.
5. Beidh an lá — fuar agus beidh — ann.

C. Scriobh amach an freagra ceart:

1. Cé a cheannaigh an carr nua?
— Tomás.
— Liam Ó Murchú.
— Páid Ó Laoi.

2. Conas a bhí Liam Ó Murchú ag dul abhaile ón scoil?
— Bhí sé ag rith.
— Bhí sé ag siúl.
— Bhí sé ag rothaíocht.

3. Cé a bhuaigh an cluiche iománaíochta?
— Baile Átha Cliath.
— Luimneach.
— Corcaigh.

D. Freagair na ceisteanna:

1. Cad a leag Liam Ó Murchú?
2. Cén fhad a bheidh Liam san ospidéal?
3. Cén fáth a bhfuil áthas an domhain ar Threasa Ní Dhálaigh?
4. Conas a bheidh an aimsir amárach?
5. Cá bhfios duit go bhfuil a lán airgid ag Páid Ó Laoi?

Gramadach 16

- (i) **Foghlaim:**
- | | |
|----------|-----------|
| duine | seisear |
| beirt | seachtar |
| triúr | ochtár |
| ceathrar | naonúr |
| cúigear | deichniúr |

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Tá ochtar san ospidéal anois. (8)

1. Tá — san ospidéal anois. (5)
2. Tá — san ospidéal anois. (9)
3. Tá — san ospidéal anois. (7)
4. Tá — san ospidéal anois. (3)

- (ii) **Foghlaim:**
- | | |
|------------------|--------------|
| aon phunt amháin | seacht bpunt |
| dhá phunt | ocht bpunt |
| trí phunt | naoi bpunt |
| ceithre phunt | deich bpunt |
| cúig phunt | |
| sé phunt | |

Scriobh amach an méid airgid i bhfocail:

Sampla: Thug mé trí phunt ar an leabhar. (£3)

1. Thug mé — ar an leabhar. (£9)
2. Thug mé — ar an leabhar. (£6)
3. Thug mé — ar an leabhar. (£1).